Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Aibreán 2025
(OR. en)

7943/25

LIMITE

JEUN 49
EDUC 108
SOC 220
EMPL 141

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréachtrún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, lena ndéantar athbhreithniú ar threoirlínte maidir le rialachas Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg – *Formheas* |

1. Scrúdaigh an Mheitheal um an Óige an dréachtrún thuasluaite ón gComhairle ag roinnt cruinnithe. Bhí na toscaireachtaí uile ar aon fhocal maidir lena bhfuil sa téacs atá i gceangal leis seo.

2. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go bhfuil comhaontú ann maidir leis an téacs atá i gceangal leis seo agus é a chur faoi bhráid na Comhairle (ECYS) lena fhormheas ag an seisiún a bheidh aici an 12 Bealtaine 2025 agus lena fhoilsiú ina dhiaidh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Dréachtrún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, lena ndéantar athbhreithniú ar threoirlínte maidir le rialachas Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg

PUBLIC

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE, AN MÉID SEO A LEANAS:

LEAGANN SIAD BÉIM AR AN MÉID SEO A LEANAS:

1. I bhfianaise na ndúshlán dinimiciúil leanúnach atá roimh dhaoine óga san Aontas Eorpach, agus an tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an meastóireacht eatramhach ar Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh[1] agus na moltaí ó na timthriallta roimhe seo d'Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg á gcur san áireamh, tá méadú ag teacht ar an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, lena mbunaítear treoirlínte maidir le rialachas Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg[2].

[1] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún ar an meastóireacht eatramhach ar Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019- 2027, COM (2024) 162 final.

[2] Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, lena mbunaítear treoirlínte maidir le rialachas Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg – Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027, IO C 189, 5.6.2019, lgh. 1-3.

2. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hoidhreacht Bhliain Eorpach na hÓige 2022[3], ina thuarascáil ar an meastóireacht eatramhach ar Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh[4], agus sna conclúidí ón gComhairle maidir le hoidhreacht Bhliain Eorpach na hÓige 2022[5], leagtar béim ar an ngá atá le guth níos láidre a thabhairt do dhaoine óga agus a áirithiú gur féidir leo an tAontas Eorpach atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a mhúnlú. Is sásra bunúsach é Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg chun an méid sin a bhaint amach sa chomhthéacs Eorpach.

PUBLIC

---

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Bliain Eorpach na hÓige 2022, COM(2024) 1 final.

[4] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún ar an meastóireacht eatramhach ar Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019- 2027, COM (2024) 162 final.

[5] Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le hoidhreacht Bhliain Eorpach na hÓige 2022, IO C, C/2024/3543, 31.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3543/oj.

3. Tá ábharthacht agus tionchar leanúnach Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg ríthábhachtach chun spriocanna an Aontais maidir le cuimsitheacht, comhtháthú agus rannpháirtíocht dhaonlathach a chur chun cinn[6]. Ba cheart d'Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg leanúint de bheith fóinteach, inoiriúnaithe, freagrúil agus ailínithe le riachtanais agus mianta athraitheacha daoine óga, rud a threiseodh tiomantas an Aontais maidir le daoine óga gníomhacha, rannpháirteacha agus cumhachtaithe a chothú ar fud na hEorpa.

4. Is mórshásra um rannpháirtíocht daoine óga san Aontas é Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina inspioráid ar fud an domhain. Áirítear ar phríomhghnéithe an tsásra idirphlé díreach idir daoine óga, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha idirnáisiúnta don óige agus taighdeoirí, ar thaobh amháin, agus cinnteoirí a dhéanann ionadaíocht ar gach leibhéal, ar an taobh eile, chomh maith le comhairliúchán le daoine óga maidir le hábhair a bhfuil leas acu iontu, agus an chomhpháirtíocht leanúnach i rialachas phróiseas Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg ar gach leibhéal. Maidir le cur chun feidhme Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg agus i gcomhréir le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027[7], ba cheart do na Spriocanna Eorpacha don Óige leanúint de bheith ina 'inspioráid agus conair ghinearálta a chur ar fáil don Aontas, dá Bhallstáit agus dá bpáirtithe leasmhara agus dá n-údaráis ábhartha' [aistriúchán neamhoifigiúil][8].

[6] Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

[7] Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027, IO C 456, 18.12.2018, lgh. 1-22.

[8] Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027 (pointe 3, an tríú mír), IO C 456, 18.12.2018, lch. 2.

5. Sonraítear i Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027 roinnt gnéithe lena leagtar amach cur chun feidhme Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg:

a) tógáil ar an taithí a fuarthas roimhe seo,

b) díriú ar phróiseas níos soiléire agus níos simplí a chruthú,

c) gníomhú i dtimthriallta oibre 18 mí, más féidir,

d) tosaíocht théamach amháin a shocrú in aghaidh an timthrialla,

e) gníomhú de réir a phlean oibre,

f) solúbthacht a chur ar fáil maidir leis na gníomhaithe atá rannpháirteach i rialachas agus i gcur chun feidhme Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg,

PUBLIC

g) obair leantach agus faireachán leanúnach a dhéanamh ar thorthaí cáilíochta agus ar thionchar an phróisis ar fad,

h) ról na Meithleacha Náisiúnta a aithint, arb iad na heintitis ar leibhéal na mBallstát a bhfuil sé de chúram orthu comhairliúcháin a eagrú agus an tionchar ar an idirphlé leis an óige a chur chun cinn agus rannchuidiú leis[9]. I gcomhréir le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027, 'moltar do na Ballstáit rannpháirtíocht na hóige a chumasú i ngach céim de chur chun feidhme Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg trí, *inter alia*, ról ceannasach a thabhairt don Chomhairle Náisiúnta Óige sna Meithleacha Náisiúnta' [aistriúchán neamhoifigiúil][10].

6. I meastóireacht eatramhach an Choimisiúin Eorpaigh ar Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027, leagtar béim ar an ngá atá leis an gcumarsáid maidir le hIdirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a neartú, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí, príomhshruthú na hóige agus faireachán. Leagtar béim inti freisin ar an ngá atá leis an dul chun cinn maidir le cuimsiú a chosaint, lena n-áiritheofar go leanfar d'iarrachtaí a dhéanamh maidir le haghaidh a thabhairt ar an ngné thábhachtach sin den idirphlé.

7. Leagtar béim i meastóireacht eatramhach an Choimisiúin Eorpaigh ar phróiseas a fhorbairt a thuilleadh agus tacú leis níos mó chun moltaí ó Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a dhíriú ar pháirtithe leasmhara ábhartha ar gach leibhéal. Áirítear leis sin freisin sásraí a áirithiú chun rannpháirtithe agus páirtithe leasmhara a chur ar an eolas maidir le bearta leantacha ar gach leibhéal.

---

9 Féach an clár oibre bliantúil chun Erasmus+, clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt a chur chun feidhme, tagairt C(2024) 7026 ón gCoimisiún, an 11 Deireadh Fómhair 2024.

10 Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh, lch. 9 (Iarscríbhinn I, pointe 4, an tríú mír).

8. Tionscnamh nua is ea Bord na nÓg um Chomhairliú Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh a bhunófar amach anseo. Tabharfaidh sé comhairle maidir le saincheisteanna atá tábhachtach do dhaoine óga agus dá bpiaraí ina bpobal agus feidhmeoidh sé mar bhonn braite do smaointe a fhorbróidh an Coimisiún. Agus an Bord agus a mhisin á ndearadh, ba cheart na naisc a d'fhéadfadh a bheith aige le hIdirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a mheas ionas go bhféadfadh comhaltaí Bhord na nÓg um Chomhairliú an Uachtaráin teachtaireachtaí daoine óga agus torthaí Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a chur in iúl ar an leibhéal polaitiúil is airde san Aontas.

9. Is gá trédhearcacht agus éifeachtacht níos fearr a áirithiú maidir le rialachas Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg trí róil na bpáirtithe leasmhara uile a shainiú go soiléir, agus trína gcomhar agus trína bhfreagracht a neartú maidir le tosaíochtaí na dtrí Uachtaránacht a chur chun feidhme.

10. Maidir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún *Engaging, Connecting and Empowering young people: a new EU Youth Strategy* [Rannpháirtíocht, Nascadh agus Cumhachtú daoine óga: Idirphlé nua an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg][11] agus na Rúin ón gComhairle maidir le torthaí thimthriallta Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg agus mheastóireacht eatramhach an Choimisiúin Eorpaigh ar Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh, d'fhéadfaidís feidhmiú mar threoirdhoiciméid d'aon duine a bhfuil baint acu le hIdirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg.

FÉACHANN SIAD LEIS AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

11. Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a neartú agus a fheabhsú sna blianta amach romhainn trí bhearta praiticiúla a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar phríomhdhúshláin an phróisis. Ba cheart na nithe seo a leanas a áirithiú leis sin:

[11] 9264/18 + ADD 1-8, COM(2018) 269 final + SWD(2018) 168 agus 169 final.



PUBLIC

a) cur chuige a fhorbairt maidir le haiseolas rialta a chur ar fáil ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil do dhaoine óga agus d'eagraíochtaí don óige maidir le torthaí phróiseas Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg agus maidir le gníomhaíochtaí leantacha chun idirphlé fóinteach agus rannpháirtíocht na hóige ar gach leibhéal a áirithiú. Ba cheart a áireamh leis sin machnamh ar an gcaoi a bhféadfaí torthaí níos nithiúla a bhaint amach laistigh den phróiseas, mar shampla trí Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a ailíniú ar bhealach níos fearr le clár oibre agus clár oibre beartais an Choimisiúin Eorpaigh trí dhíriú ar bhearta cur chun feidhme nithiúla (comhpháirteacha) roghnaithe;

b) straitéis chumarsáide choiteann a chruthú le haghaidh Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg chun scaipeadh inbhuanaithe faisnéise atá trédhearcach agus fabhrach don óige a áirithiú i ngach céim den phróiseas.

12. An cuspóir a shaothrú maidir le rialachas Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a neartú, go háirithe trí dhíriú ar na gníomhaithe lena mbaineann, ar a róil, ar an gcreat eagraíochtúil ina ndéantar a ngníomhaíochtaí agus ar na saincheisteanna cur chun feidhme a bhaineann le rialachas, agus an ról tábhachtach atá ag earnáil óige an Aontais i gcreat eagraíochtúil Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg á aithint ag an am céanna[12].

13. Inrochtaineacht agus cáilíocht Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a fheabhsú chun rannpháirtíocht chuimsitheach daoine óga ina n-éagsúlacht uile a áirithiú, an comhar idir na Ballstáit a neartú, agus cur chun feidhme agus faireachán na dtionscnamh a bhaineann leis an óige a fheabhsú.

14. I gcomhthéacs phróiseas an mhéadaithe, féachaint ar conas tuilleadh teagmhála a dhéanamh le daoine óga ó thíortha is iarrthóirí agus ó thíortha is iarrthóirí ionchasacha in Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg, i gcás inarb iomchuí.

---

[12] Is gnách gurb ionann 'earnáil óige an Aontais' agus na heagraíochtaí, oibrithe óige, lucht léinn, an tsochaí shibhialta óige ar fad agus saineolaithe eile a mbíonn baint acu le beartas óige a fhorbairt agus a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí agus tionscadail san Aontas atá ábhartha don óige.



PUBLIC

MEASANN SIAD AN MÉID SEO A LEANAS:

15. Ba cheart don fhoireann trí Uachtaránacht a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le cur chun feidhme Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a stiúradh. Cuirtear an próiseas sin i gcrích i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún Eorpach, le Meithleacha Náisiúnta, le Fóram Eorpach na nÓg agus le hionadaithe eile ón tsochaí shibhialta don óige chomh maith le Gníomhaireachtaí Náisiúnta[13], i gcás inarb iomchuí. Chun comhordú éifeachtach a áirithiú, ba cheart don fhoireann trí Uachtaránacht an obair sin a eagrú tríd an nGrúpa Stiúrtha Eorpach.

16. Feidhmíonn an Grúpa Stiúrtha Eorpach mar ardán rialachais d'Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg. I measc a chomhaltaí tá ionadaithe ón bhfoireann trí Uachtaránacht agus a n-ionadaithe óige ó na Meithleacha Náisiúnta, trí na Comhairlí Náisiúnta Óige, más féidir, chomh maith leis an gCoimisiún Eorpach agus Fóram Eorpach na nÓg. D'fhéadfadh páirtithe leasmhara ábhartha eile, ar nós Gníomhaireachtaí Náisiúnta, taighdeoirí, saineolaithe agus ionadaithe ón Uachtaránacht roimhe seo agus ón bhfoireann trí Uachtaránacht atá le teacht páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Stiúrtha Eorpach ar chuireadh ón bhfoireann trí Uachtaránacht.

17. Is é ról an Ghrúpa Stiúrtha Eorpaigh an méid seo a leanas a dhéanamh:

   a) treoir fhoriomlán a chur ar fáil d'Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg, lena gcumhdaítear ábhair mar shampla tosaíocht théamach an timthrialla, lena n-áirithítear leanúnachas laistigh de thimthriallta agus thar thimthriallta, ionstraimí comhairliúcháin, gníomhaíochtaí cur chun feidhme agus imeachtaí atá ábhartha don phróiseas, lena n-áirítear Comhdhálacha Óige an Aontais;

   b) ionchur, uirlisí agus tacaíocht a chur ar fáil i gcás inarb iomchuí, d'fhonn ardcháilíocht Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg agus comhsheasmhacht théamach a áirithiú laistigh de gach timthriall;

---

13 Ciallaíonn 'Gníomhaireacht Náisiúnta' comhlacht amháin nó níos mó atá i gceannas ar chur chun feidhme Chlár Erasmus+ agus chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a bhainistiú ar an leibhéal náisiúnta i mBallstát nó i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár.



PUBLIC

c) comhoibriú go héifeachtach leis na Meithleacha Náisiúnta trí threoirlínte, uirlisí agus tacaíocht a sholáthar, lena n-áirítear malartuithe rialta a éascú i gcás inarb iomchuí, d'fhonn cur chun feidhme ardcháilíochta Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a áirithiú;

d) a áirithiú go ndéanfar meastóireacht rannpháirtíochta ar an timthriall, go ndéanfar faireachán uirthi, go ndéanfar obair leantach uirthi agus go n-úsáidfear í, go scaipfear an mheastóireacht go forleathan, agus go gcuirfear tacaíocht ar fáil chun faireachán agus obair leantach a dhéanamh ar thorthaí Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg ar fud na réimsí beartais a dhéanann difear do dhaoine óga;

e) cur chuige cáilíochtúil, atá bunaithe ar fhianaise, a áirithiú maidir le hIdirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a chur chun feidhme agus a bhainistiú le tacaíocht ó thaighdeoirí;

f) rannchuidiú lena áirithiú go gcaomhnófar cuimhne institiúideach Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus le Fóram Eorpach na nÓg;

g) aistriú rianúil chuig an gcéad fhoireann trí Uachtaránacht eile a éascú;

h) breithniú a dhéanamh ar thorthaí agus ar mholtaí na dtimthriallta d'Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a bhí ann roimhe seo a bhaineann le feabhas a chur ar a rialachas, i gcás inarb iomchuí;

i) féachaint ar mhodhanna chun an mheastóireacht, an faireachán agus an obair leantach ar Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg agus ar thorthaí Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a neartú ar gach leibhéal;

j) aon ghnéithe eile a mheasann an fhoireann trí Uachtaránacht a bheith iomchuí a chumhdach, i gcomhairle leis na Ballstáit agus le hionadaithe óige.

18. Chun feidhmiú trédhearcach rianúil an Ghrúpa Stiúrtha Eorpaigh de thimthriall Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a áirithiú, agus chun tacú leis an gcuimhne institiúideach a chaomhnú, ba cheart don fhoireann trí Uachtaránacht doiciméad oibre agus nóta míniúcháin a ullmhú, ina leagfar amach cuspóirí agus téamaí Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg agus ina sonrófar róil na ngníomhaithe uile a bhfuil baint acu leis an nGrúpa Stiúrtha Eorpach, chomh maith leis na cúraimí oibríochtúla agus na modhanna oibre uile.

19. Is é ról na Meithleacha Náisiúnta an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) an comhairliúchán maidir le hIdirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta;

b) cuspóirí agus tosaíochtaí Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a chur in iúl go héifeachtach do dhaoine óga agus do lucht déanta cinntí, agus iad a chur chun cinn go gníomhach ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta;

c) feasacht ar Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg agus ar an gcaoi a bheith rannpháirteach ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta a mhúscailt;

d) rannpháirtíocht ghníomhach earnáil na hóige in Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a spreagadh ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta;

e) a áirithiú go mbeidh grúpaí daoine óga faoi ghannionadaíocht, lena n-áirítear iad siúd ar lú a líon deiseanna, rannpháirteach in Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta;

f) rannchuidiú le cur chun feidhme na dtorthaí a d'eascair as Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg, lena n-áirítear na moltaí ó chomhairliúchán Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a chur in iúl do na gníomhaithe ábhartha ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta;

g) toscairí óige a ullmhú do Chomhdháil Óige an Aontais, lena n-áirítear trí oiliúint shaincheaptha a chur ar fáil dóibh maidir le luachanna agus feidhmiú an Aontais, agus maidir le sainiúlacht Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg agus Chomhdháil Óige an Aontais chun tuiscint mhaith a thabhairt dóibh ar a ról agus chun iad a ullmhú do na hábhair atá á bplé, ionas gur féidir leo cur leis an bplé sin ar bhealach feasach;

h) páirt a ghlacadh, i gcomhréir le rialacha an Aontais agus leis na himthosca náisiúnta, sa phróiseas iarratais, bainistithe agus tuairiscithe ar dheontas an Aontais chun Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

PUBLIC

20. Ba cheart do na Meithleacha Náisiúnta an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) ról lárnach a thabhairt do dhaoine óga, a ndéanann an Chomhairle Náisiúnta Óige ionadaíocht orthu de ghnáth, chun a áirithiú gur faoi stiúir na hóige a bheidh Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg;

b) cinneadh a dhéanamh maidir leis an bhfoirmíocht agus na nósanna imeachta oibríochtúla is fearr a oireann dá riachtanais, i gcomhréir le sainiúlachtaí a mBallstát agus leis na forálacha ábhartha a ghabhann le Straitéis Óige an Aontais;

c) rannchuidiú le cuspóirí gach timthrialla d'Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a chomhlíonadh;

d) ionadaíocht leordhóthanach na ndaoine óga ina n-éagsúlacht uile a áirithiú i ngach céim d'Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg[14];

e) ainmneoidh na Ballstáit iad, i gcomhréir leis na rialacha agus na himthosca náisiúnta arna iarraidh sin don Choimisiún Eorpach roimh gach tréimhse deontais;

f) tacóidh na Gníomhaireachtaí Náisiúnta leo, i gcás inarb iomchuí, gníomhaireachtaí ar féidir leo, *inter alia*, faisnéis a sholáthar faoi chuspóirí Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg, lena n-áirítear do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht, agus rannpháirtíocht iontu a chur chun cinn, agus sineirgí a chothú le cláir Erasmus+ agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh;

g) obair a dhéanamh i gcomhar leis an gCoimisiún chun na treoirlínte maidir le cur chuige córasach a fhorbairt agus a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar thorthaí Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg agus iad a scaipeadh ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

[14] Ibid. fonóta 9.



PUBLIC

21. Is é ról na dtoscairí óige an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) a bheith rannpháirteach go gníomhach i gComhdhálacha Eorpacha na hÓige chun labhairt thar ceann daoine óga ina dtír féin, ina gcuirtear le torthaí na gcomhairliúchán náisiúnta agus leis an ullmhúchán a rinne an Chomhairle Náisiúnta Óige;

b) a bheith rannpháirteach, nuair is gá agus nuair is féidir, sna Meithleacha Náisiúnta agus in imeachtaí náisiúnta a bhaineann le hIdirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg;

c) rannchuidiú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil le hIdirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg agus le heolas faoin bpróiseas sin i measc a bpiaraí a chur chun cinn, lena n-áirítear tríd an méid a pléadh ag Comhdhálacha Eorpacha na hÓige a chomhroinnt;

d) rannchuidiú, agus ionadaíocht á déanamh ar eagraíochtaí neamhrialtasacha idirnáisiúnta don óige, le hIdirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg trí dhearcthaí ó dhaoine óga, óna n-eagraíochtaí agus óna réimsí sonracha gníomhaíochta a thabhairt isteach sa phlé.

22. Is é ról an Choimisiúin Eorpaigh an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) a áirithiú go gcaomhnófar cuimhne institiúideach Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg, lena n-áirítear a chartlanna, i ndlúthchomhar le Fóram Eorpach na nÓg agus bunaithe ar ionchur arna sholáthar ag an nGrúpa Stiúrtha Eorpach;

b) próiseas ionduchtaithe gan bac gan deacracht don fhoireann trí Uachtaránacht inteachta, agus aistriú eolais idir timthriallta, a áirithiú i gcomhar le Fóram Eorpach na nÓg;

c) tacaíocht agus treoir a chur ar fáil do na Meithleacha Náisiúnta maidir le hIdirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a chur in iúl, cuir i gcás a shainaitheantas físeach, táirgí cumarsáide agus pleananna cumarsáide, chun a áirithiú go ndéanfar an próiseas agus na torthaí a aithint agus a scaipeadh go forleathan;

PUBLIC

d) rannchuidiú le hIdirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a chur chun feidhme ar bhealach fianaise-bhunaithe trí ról na dtaighdeoirí a neartú agus a chuíchóiriú, lena n-áirítear féachaint conas is féidir leo rannchuidiú le meastóireacht, obair leantach agus faireachán a dhéanamh ar Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg;

e) sineirgí a lorg idir Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg agus tionscnaimh eile de chuid an Aontais agus sásraí rannpháirtíochta chun a n-éifeachtacht a mhéadú agus rannpháirtíocht na hóige a neartú;

f) idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg, go háirithe a thorthaí, a chur in iúl agus feasacht a mhúscailt ina leith ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear trí Thairseach Eorpach na hÓige agus trí Líonra Óige an Choimisiúin de chomhfhreagraithe óige;

g) tacú, trí dheontais ón Aontas, leis na Meithleacha Náisiúnta agus leis an bhfoireann trí Uachtaránacht ina ngníomhaíochtaí a bhaineann le hIdirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg;

h) an t-ailíniú idir Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg agus clár oibre agus clár oibre beartais an Choimisiúin Eorpaigh a mhéadú d’fhonn tionchar Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a neartú, agus prionsabal Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg, is é sin, gur próiseas faoi stiúir na hóige é, á urramú ag an am céanna;

i) treoirlínte a fhorbairt, le rannpháirtíocht na Meithleacha Náisiúnta, maidir le cur chuige aontaithe córasach chun faireachán a dhéanamh ar thorthaí Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg agus iad a scaipeadh ar gach leibhéal.

PUBLIC

23. Is é ról Fóram Eorpach na nÓg an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) rannchuidiú lena áirithiú go gcaomhnófar cuimhne institiúideach Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg, lena n-áirítear a chartlanna, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus bunaithe ar ionchur arna sholáthar ag an nGrúpa Stiúrtha Eorpach;

b) tacú leis an gCoimisiún Eorpach chun próiseas ionduchtaithe gan bac gan deacracht don fhoireann trí Uachtaránacht nua, agus aistriú eolais idir timthriallta, a áirithiú;

c) tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do na Meithleacha Náisiúnta agus do na Comhairlí Náisiúnta Óige;

d) cuspóirí agus tosaíochtaí Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a chur in iúl go héifeachtach do dhaoine óga agus do lucht déanta cinntí, agus iad a chur chun cinn go gníomhach ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta;

e) torthaí chomhairliúchán Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a scaipeadh trína líonraí agus trí na bealaí iomchuí.

24. Chun intuarthacht maidir lena dtarlaíonn in Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg i ngach timthriall oibre 18 mí a áirithiú, ba cheart don Uachtaránacht an Mheitheal um an Óige agus na Meithleacha Náisiúnta a chur ar an eolas, go tráthúil, faoi eagrú agus feidhmiú na Meithle Eorpaí, faoin dul chun cinn maidir le cur chun feidhme Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg agus faoi aon rud eile a d’fhéadfadh a bheith ábhartha maidir leis na gnéithe a luaitear sa 21 mhír thuas.

PUBLIC

GEALLTANAS A THABHAIRT MAIDIR LEIS AN MÉID SEO A LEANAS:

25. Rúnaíocht d'Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a bhunú i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach, laistigh d'Fhóram Eorpach na nÓg, chun éifeachtacht agus rialachas Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg a fheabhsú agus chun a áirithiú gur próiseas fóinteach faoi stiúir na hóige a bheidh ann. D'fhéadfaí a áireamh ar chúraimí na rúnaíochta an méid seo a leanas: tacú leis an gcuimhne institiúideach, an fothú acmhainneachta, an comhleanúnachas agus aistriú eolais thar thimthriallta a áirithiú, an chumarsáid a éascú, agus obair leantach chórasach ar thorthaí a fheabhsú. Chun an méid is mó is féidir a bhaint as a héifeachtacht, ba cheart don rúnaíocht dul ag obair i ndlúthshineirge leis an gCoimisiún Eorpach, leis na Trí Uachtaránacht, leis an nGrúpa Stiúrtha Eorpach, leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile, lena n-áiritheofar cur chuige struchtúrtha, trédhearcach agus comhordaithe i ndáil le cur chun feidhme Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg.

26. Athbhreithniú a dhéanamh ar an Rún sin i gcomhréir le Straitéis an Aontais leis an Aos Óg a bheidh ann amach anseo tar éis 2027 chun é a chur in oiriúint do na forbairtí agus na riachtanais nua a d'fhéadfadh a bheith ann, agus béim á leagan ar rannpháirtíocht na hóige, lena áirithiú go mbeidh sí ina bunchloch d'fhorbairt bheartas óige na hEorpa.

PUBLIC